BILEOG FÍRICÍ NA CÁINAISNÉISE

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Department of Social and Family Affairs

Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Nua Íocaíochta

Mary Hanafin, T.D.,
Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Níos mó ná €21.1 billiún á chaitheamh le linn 2010 mar thaca le 2.1 milliún duine
Tiocfaidh méadú €660 milliún ar an gcaiteachas i 2010

Déantar daoine scothaosta a chosaint in aghaidh na gciorruithe

- Beidh fáil i gcónaí ag daoine scothaosta ar a bPinsin Stáit ar na rátaí reatha, chomh maith leis an Saorthaisteal, an Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce agus a Liúntas Leictreachais nó Gáis.

- Ní thiocfaidh athrú ar bith ar an Liúntas um Chónaí Aonair, Liúntas Daoine Thar 80 Bliain ná an Liúntas Breosla.

Déanfar leanaí leochaileacha agus teaghlaigh ar ioncaim ísle a chosaint in aghaidh na na laghduithe i Sochar Linbh

- Déanfar lucht faighte íocaíochtaí leasa shóisialaigh a dhíonadh ar an laghdú ar na rátaí míosúla um Shochar Linbh go dtí €150 in aghaidh an linbh don 1ú agus don 2ú leanbh agus €187 in aghaidh an linbh don 3ú leanbh agus do gach leanbh eile.

- Beidh méadú €3.80, go €29.80 in aghaidh an linbh in aghaidh na seachtaine ar an Méadú do Leanbh Cáilithe do lucht faighte íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

- Beidh méadú €6 in aghaidh an linbh in aghaidh na seachtaine ar na tairseacha ar fad a bhaineann le tuilleamh seachtainiúil maidir leis an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh, mar thaca le teaghlaigh lucht oibre ar ioncaim ísle.

Rátaí nua íocaíochta níos ísle do dhaoine faoi aois 66 bliain

- Beidh laghdú 3.5% - 4.2% ar na rátaí íocaíochta sa tseachtain do dhaoine **faoi 66**. Beidh laghdú 4.1% ar an Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe ar céile nó páirtí é/í.

Cúramóirí

- Leanfar den Liúntas Cúramóirí ar leathráta a íoc le daoine atá ina gcúramóirí lánaimseartha a mbíonn íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fháil acu san am céanna. Beidh Deontas Bliantúil um Chúram Faoisimh fós le fáil ag cúramóirí de réir luach €1,700 in aghaidh gach duine faoina gcúram.

- Ní bheidh athrú ar bith ar na rátaí um Liúntas Cúramóra do chúramóirí thar 66 bliain d'aois. Beidh laghdú 3.7%-3.9% ar na rátaí do chúramóirí **faoi 66 bliain d'aois**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, glaoigh ar **an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh** ar
1890 66 22 44 (Íosghlao) 9rn – 5in Luan go hAoine
9rn – 9in Déardaoin 10ú agus Dé hAoine 11ú Mí na Nollag 2009 agus ar
an t**Seirbhís Eolais do Shaoránaigh** ar 1890 777 121 (Íosghlao) 9rn – 9in Luan go hAoine
Déan teagmháil leis an Oifig Leasa Shóisialaigh is cóngaraí duit nó
leis an Ionad Eolais do Shaoránaigh is cóngaraí duit
Tá faisnéis ar fáil ar www.welfare.ie agus ar www.citizensinformation.ie, chomh maith
Nóta: Is féidir go ngearrfadh soláthraithe seirbhísí éagsúla rátaí éagsúla as uimhreacha 1890 (Íosghlao) a úsáid

RÁTAÍ LEASA SHÓISIALAIGH 2010

RÁTAÍ ÍOCAÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA – GAN ATHRÚ

	Rátaí Pearsanta		Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe	
	Rátaí Reatha	**Rátaí 2010**	**Rátaí Reatha**	**Rátaí 2010**
Íocaíochtaí um Árachas Leasa Shóisialaigh				
Pinsean Stáit (Ranníocach)/(Eatramhach)				
Faoi Aois 80	€230.30	**€230.30**	€153.50 (faoi 66)	**€153.50 (faoi 66)**
Aois 80 agus thairis	€240.30	**€240.30**	€206.30 (thar 66)	**€206.30 (thar 66)**
Pinsean (Ranníocach) Baintrí/ Sochar Mná Céile Tréigthe				
Aois 66 agus faoi Aois 80	€230.30	**€230.30**		
Aois 80 agus thairis	€240.30	**€240.30**		
Pinsean Easláin				
Aois 65 agus faoi Aois 80	€230.30	**€230.30**	€149.70 (faoi 66)	**€143.80 (faoi 66)**
Aois 80 agus thairis	€240.30	**€240.30**	€206.30 (thar 66)	**€206.30 (thar 66)**
Pinsean Sochar Báis				
Aois 66 agus faoi Aois 80	€234.70	**€234.70**		
Aois 80 agus thairis	€244.70	**€244.70**		
Íocaíochtaí um Chúnamh Leasa Shóisialaigh				
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)				
Aois 66 agus faoi Aois 80	€219.00	**€219.00**	€144.70	**€144.70**
Aois 80 agus thairis	€229.00	**€229.00**		
Liúntas Cúramóra				
Aois 66 agus thairis	€239.00	**€239.00**		

Rátaí Nua um Shochar Linbh

Líon na Leanaí	Ráta Míosúil 2009 €	Ráta Míosúil 2010 €	Luach Bliantúil 2010 €
1 leanbh	166	**150**	1,800
2 leanbh	332	**300**	3,600
3 leanbh	535	**487**	5,844
4 leanbh	738	**674**	8,088
5 leanbh	941	**861**	10,332
6 leanbh	1,144	**1,048**	12,576
7 leanbh	1,347	**1,235**	14,820
8 leanbh	1,550	**1,422**	17,064

Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT) do theaghlaigh lucht oibre. Teorainneacha nua ioncaim.

Líon an Teaghlaigh	Teorainn Reatha Ioncaim	Teorainn Nua Ioncaim
1 leanbh	500	**506**
2 leanbh	590	**602**
3 leanbh	685	**703**
4 leanbh	800	**824**
5 leanbh	920	**950**
6 leanbh	1,030	**1,066**
7 leanbh	1,160	**1,202**
8 leanbh	1,250	**1,298**

Bearta Eile Mar Thaca Do Leanaí

- Méadú €3.80 in aghaidh na seachtaine ar an Méadú Do Leanbh Cáilithe do dhaoine a bhíonn ag brath ar íocaíocht sheachtainiúil leasa shóisialaigh. Is é €29.80 an ráta nua in aghaidh na seachtaine.
- Méadófar tairseacha um Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh €6 sa tseachtain do gach leanbh.

RÁTAÍ LEASAITHE ÍOCAÍOCHTA DO DHAOINE FAOI AOIS 66				
	Rátaí Pearsanta		**Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe (faoi 66)**	
	Rátaí Reatha €	**Rátaí 2010 €**	**Rátaí Reatha €**	**Rátaí 2010 €**
Íocaíochtaí um Árachas Leasa Shóisialaigh				
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta/ Breoiteachta/Sláinte & Sábháilteachta/um Ghortú	204.30	**196.00**	135.60	**130.10**
Pinsean (Ranníocach) Baintrí / Baintreach Fir / Sochar Mná Céile Tréigthe	209.80	**201.50**		
Sochar Cúramóra / Liúntas Buanfhreastail	221.20	**213.00**		
Pinsean Easláin	209.80	**201.50**	149.70	**143.80**
Pinsean Buanmhíchumais	235.40	**227.00**		
Pinsean Sochar Báis	234.70	**226.50**		
Íocaíochtaí um Chúnamh Leasa Shóisialaigh				
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta / Cúnamh Feirme / Liúntas Réamhscoir / Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh	204.30	**196.00**	135.60	**130.10**
Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste	204.30	**196.00**		
Pinsean (Neamh-Ranníocach) Baintrí / Baintreach Fir / Liúntas Mná Céile Tréigthe / Liúntas do Bhean Chéile Príosúnaigh	204.30	**196.00**		
Liúntas Cúramóra	220.50	**212.00**		
Liúntas Míchumais / Pinsean Daill	204.30	**196.00**	135.60	**130.10**
Íocaíochtaí Eile Leasa Shóisialaigh				
Sochar Máithreachais / Uchtála (íosráta) **(uasráta)**	230.30 280.00	**225.80** **270.00**		
Íocaíocht (Ranníocach) / (Neamh-Ranníocach) Caomhnóra	176.50	**169.00**		

Daoine in Aois Oibre

Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh

- Laghdófar an ráta íocaíochta um Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh i gcomhair éilitheoirí nua in aois a 20 agus 21 bliain go €100 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir 2010 amach, mar a cuireadh i bhfeidhm ó Aibreán 2009 ar éilitheoirí nua in aois a 18 nó 19.
- Laghdófar an ráta íocaíochta um Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh i gcomhair éilitheoirí nua in aois a 22, 23 agus 24 bliain go €150 in aghaidh na seachtaine, rud a chuirfear i bhfeidhm ó Eanáir 2010 amach.
- **Íocfar an ráta iomlán le daoine faoi 25 bliain d'aois má bhíonn siad rannpháirteach i gcúrsa ceadaithe oiliúna nó oideachais.**
- Ní bheidh athrú ar bith ann maidir le daoine 20-24 bliain d'aois a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu.
- Laghdófar an ráta pearsanta um Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus an bhuníocaíocht Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh go €150 sa tseachtain do dhaoine a eitíonn tairiscintí oibre nó bearta gníomhachtaithe. Foilseofar mionsonraí breise faoin mbeart sin i mBille Leasa Shóisialaigh 2010.

Sochar Cóireála

- Déanfar an Scéim um Shochar Cóireála a theorannú i 2010 don scéim um Shochar Fearas Leighis & Máinliachta agus do scrúdaithe leighis faoin Sochar Fiacal agus faoin Sochar Súl (le linn 2010).

Forlíonadh Cíosa

- Fanann na ranníocaíochtaí íosta gan athrú. Déanfar athbhreithniú ar na teorainneacha cíosa de réir na laghduithe ar leibhéil na gcíosanna príobháideacha (le linn 2010).

Samplaí de na tacaíochtaí leasa shóisialaigh atá ar fáil do dhaoine éagsúla

	Ráta Pearsanta	Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe (thar 66)	Saor-thaisteal	Iomlán	Méaduithe Breise a d'Fhéadfadh a Bheith Ann			
					Méadú um Chónaí Aonair	Liúntas Breosla	Méadú do Dhaoine thar 80	Sochair Teaghlaigh
Pinsinéir Singil ar Pinsean Stáit (Ranníocach)	€11,975.60	€0.00	€113	€12,088.60	€400.40	€764.80	€520	€960
Pinsinéirí ina Lánúin Phósta ar Pinsean Stáit (Ranníocach)	€11,975.60	€10,727.60	€113	€22,816.20	€0.00	€764.80	€520	€960
Pinsinéir Singil ar Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	€11,388.00	€0.00	€113	€11,501.00	€400.40	€764.80	€520	€960

Lánúin Lucht Cuardaigh Fostaíochta – gan tuilleamh, 2 leanbh (duine faoi 11, an duine eile thar 11)	**Liúntas Lucht Cuardaigh Fostaíochta + MLC**	**Sochar Linbh**	**Liúntas Breosla & Breosla gan Deatach**	**Liúntas um Éadaí agus Coisbheart Ar Ais Ar Scoil x 2**	**Iomlán**
	€20,056.40	€3,600	€764.80	€505	€24,926.20

Tuiste Aonair – tuilleamh suas go €145 sa tseachtain, 1 leanbh faoi 11 bliain	**Tuilleamh Glan**	**Íocaíocht um Theaghlach Aontuiste + MLC**	**Sochar Linbh**	**Liúntas um Éadaí agus Coisbheart Ar Ais Ar Scoil x 1**	**Iomlán**	**Méaduithe Breise a d'Fhéadfadh a Bheith Ann**
						Liúntas Breosla & Breosla gan Deatach
	€7,540.00	€11,741.60	€1,800	€200	€21,281.60	€764.80

Is féidir le tuistí aonair suas le €425 a thuilleamh in aghaidh na seachtaine agus cuid mhaith dá nÍocaíocht um Theaghlach Aontuiste a choimeád san am céanna.

Lánúin faoi 66 bliain, an fear ar Liúntas Míchumais agus a bhean ag fáil an leathráta den Liúntas Cúramóra	**Ráta Pearsanta & Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe**	**Leathráta Liúntas Cúramóra**	**Deontas um Chúram Faoisimh**	**Liúntas Breosla**	**Sochair Teaghlaigh & Saorthaisteal**	**Iomlán**
	€16,957.20	€5,512	€1,700	€764.80	€1,073.00	€26,007.00

Lánúin agus an bheirt acu ag obair (ar ioncam íseal), ar a bhfuil clann 4 leanbh (2 faoi 11, 2 thar 11)	**Tuilleamh Glan**	**Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT)**	**Sochar Linbh**	**Liúntas um Éadaí & Coisbheart Ar Ais Ar Scoil x 4**	**Iomlán**	**Ioncam as Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh**
	€28,600	€8,580	€8,088	€1,010	€46,278	€17,678

Is chun críocha léirithe amháin na samplaí thuas. Ní mar a chéile cúinsí gach duine. Ag brath ar na cúinsí, d'fhéadfadh éilitheoir a bheith i dteideal Forlíonadh um Chíos nó Morgáiste a fháil, chomh maith. Tá soláthar os cionn €573 milliún á dhéanamh don dá scéim sin i 2010.